



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

**Leabhrán Eolais
i dtaca leis na Cealla Beaga**

Na Cealla Beaga

Comhthéacs

Tá na Cealla Beaga suite ar Bhóthar Réigiúnach an R263, díreach ar shiúl ó Bhóthar Náisiúnta Dara Grád an N56. Tá sé suite 27km ó Bhaile Dhún na nGall agus 26km ó Ghleann Cholm Cille agus é ag tacú le mórcheantar fada fairsing thart air. Tá go leor de charactar bunaidh stairiúil lár an bhaile ar marthain sna Cealla Beaga go fóill, agus rinneadh infheistíocht shuntasach bonneagair agus tionsclaíochta san áit le blianta beaga anuas, chun tacú le gníomhaíochtaí iascaireachta agus poirt don chuid is mó.

(Foinse: Dréacht MCT, Measúnacht um Charactar Lonnaiochta, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2015. Is féidir féachaint ar théacs iomlán na Measúnachta um Charactar Lonnaiochta maidir leis na Cealla Beaga tri chliceáil ar an nasc thíos)

<http://www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/planning/pdfs/viewdevelopmentplans/landscapecharacterassessmentofcountydonegal/draftsettlementcharacterassessment/Tier%202%20Settlements.pdf>

Roinnt Fíricí

De réir Dhaonáireamh 2011 bhí daonra de 1,297 duine sna Cealla Beaga, agus bhí fás beag de 1.3% air seo le linn na tréimhse 2006 - 2011 i gcomparáid le fás daonra de 9.4% sa Chontae ina iomláine. Léiríonn sé seo go bhfuil bonn daonra réasúnta seasmhach ann, agus gan ach fás teoranta i gceist. As an lucht oibre iomlán sna Cealla Beaga bhí 72.6% ag obair, rud beag níos ísle ná an figiúr céanna don chontae, mar atá 73.8%. Bhí ráta difhostaíochta 27.4% sna Cealla Beaga in 2011 agus bhí sé seo níos airde ná ráta difhostaíochta an chontae (26.2% in 2011). Is féidir tuilleadh eolais ar dhéimeagrafaíocht na gCealla Beaga a fheiceáil ag; http://census.cso.ie/areaprofiles/areaprofile.aspx?Geog_Type=ST&Geog_Code=33022

Soláthraíonn an baile réimse seirbhísí comharsanachta d'áitritheoirí an bhaile agus don cheantar máguaird. I measc na seirbhísí comharsanachta tá roinnt seirbhísí pobail agus cultúrtha, áiseanna athchúrsála, seirbhísí poiblí, airgeadas, oifig an phoist, An Garda Síochána, stáisiún dóiteáin, Cuan na gCealla Beaga, Otharlann Phobail na gCealla Beaga chomh maith le háiseanna bunscoile agus iarbhunscoile agus áiseanna oideachais tríú leibhéal.

Is féidir tuilleadh eolais ar phróifil na gCealla Beaga a fheiceáil ag; <http://www.spaceialnw.eu/town-profiles/killybegs> chomh maith le heolas comparáideach eile ar an Chontae ag <http://www.spaceialnw.eu/>


An Chreatlach Reatha Phleanála

Tá an chreatlach reatha phleanála do na Cealla Beaga, a dtiocfaidh a mbeidh sa Phlean Ceantair Áitiúil ina áit, le fáil i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018 (arna leasú). Tá scríofa i gCroí-Straitéis an PFC 2012 - 2018 (arna leasú) gur trí ullmhú Phlean Ceantair Áitiúil do na Cealla Beaga a aithneofar na tailte chun freastal ar an riachtanas le haghaidh tithe úra, agus chuige seo, gurb é 14 heicteár an t-achar talún atá le criosú chun freastal ar an riachtanas seo sna Cealla Beaga. Mar shoiléiriú, nil léarscáil Creatlach Lonnaiochta ná téacs gaolmhar le fáil sa PFC 2012 - 2018 (arna leasú) maidir leis na Cealla Beaga. Is é an teideal a bhí ar an Phlean Ceantair Áitiúil deireanach a bhí ann fá choinne na

gCealla Beaga, agus atá in éag anois (in éag ó Mhárta 2014) ná 'Plean Ceantair Áitiúil na gCealla Beaga 2008-2015) agus bhí téacs scríofa agus beartais ann a a phléigh le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sna Cealla Beaga, chomh maith le léarscáil chriosaithe um úsáid talún. Mar eolas, is sliocht an léarscáil thíos ó Phlean Ceantair Áitiúil na gCealla Beaga 2008 - 2014, ag taispeáint criosú úsáid talún a aithníodh ag an am sin. Is é a bhí leagtha amach sa Léarscáil Úsáid Talún mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil na gCealla Beaga (in éag anois) ná:

- Teorainn an phlean
- Tailte a criosadh le haghaidh úsáidí éagsúla, ina measc ach chan teoranta do: cónaitheach, pobal, oideachas, suíomhanna oideachais, spás oscailte, limistéir thaitneamhachta, gníomhaíochtaí cuain / point agus fiontraíochta.
- Roinnt nascálacha bóthair, acomhail, rotharbhealaigh agus siúlóidí.

Sliochtléarscáil ó Phlean Ceantair Áitiúil na gCealla Beaga 2008 - 2014 (in éag anois).



Ceisteanna le cur san áireamh, a bhaineann go sonrach leis na Cealla Beaga, mar chuid d'ullmhú an PCÁ

I measc na gceisteanna ar dócha a bheith san áireamh sa chuid sin den PCÁ a bheas ag plé leis na Cealla Beaga beidh:

- An tábhacht atá le gníomhaíochtaí iascaireachta agus poirt, chomh maith leis an earnáil turasóireachta, do gheilleagar an bhaile. I gcomhar le hullmhú an PCÁ, tá Plean Gníomhaíochta á fhorbairt do na Cealla Beaga le príomh-ghníomhaíochtaí a aithint chun tacú agus cuidiú le féidearthachtaí eacnamaíochta na gCealla Beaga mar ionad Forbartha, ar a n-áirítear cur chun cinn na gCealla Beaga mar ionad Nualaíochta i dtaca le hAcmhainní Mara, Bia agus Turasóireachta.
- Na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhargadh na long cúrsála, agus trí shuíomh na gCealla Beaga mar gheatabhealach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Lár an bhaile a athnuachan agus a athbheochan.
- Caighdeán na cuma don tsúil ag na príomhbhealtaí isteach agus amach as an bhaile.
- Tréithe tábhachtacha bailedhreacha, agus radharcanna agus féidearthachtaí tábhachtacha, a aithníodh sa Dréacht-Mheasúnacht um Charachтар Lonnaíochta atá mar chuid den Mheasúnacht um Charachtar Tírdhreacha, a chosaint.
- Luach agus féidearthacht eacnamaíochta na hoidhreachta saibhre atá le fáil sna Cealla Beaga, go háirithe i dtaca leis an oidhreacht thóghtha agus seandálaíochta atá le fáil ann.
- An cur chuige i dtaca le teorainn an bhaile a aithint.
- Measúnú ar riosca i gcás tuilte agus impleachtaí gaolmhara. (Nóta: Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an phríomh-eagraíocht in Éirinn le haghaidh bainistiú riosca i gcás tuilte agus tá an Oifig sin i mbun Clár Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair a ullmhú (CBRTD). Tá Na Cealla Beaga aitheanta mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (CMB) i dtaca le Riosca i gcás Tuilte mar chuid den Chláir seo, agus dá bharr sin tá OOP ag déanamh suirbhéanna mionsonraithe agus measúnú mionsonraithe le cúiseanna na dtuilte, suíomhanna an riosca agus réitigh / céimeanna maolaithe a aithint. Tá céimeanna éagsúla oibre agus céimeanna éagsúla comhairliúcháin i gceist le clár an CBRTD, agus tá na chéad chéimeanna acu sin curtha i gcrích. De réir mar a théann an obair chun tosaigh, cuirfidh OOP roinnt deiseanna comhairliúcháin eile ar fáil. Tá tuilleadh eolais i dtaca le clár an CBRTD, agus CMB na gCealla Beaga le feiceáil ar www.cfram.ie)
- An cur chuige i dtaca le tailte a chriosú le haghaidh cuspóirí tithíochta chun freastal ar an riachtanas aitheanta de 14 heicteár i gCroí-Straitéis an PFC 2012 - 2018 (arna leasú).
- An cur chuige i dtaca le criosú úsáid talún sa bhaile le haghaidh cuspóirí seachas tithíocht, ar nós na tionsclaíochta / fostáíochta, agus úsáidí fóillíochta, pobail agus eacnamaíochta.
- An gá atá le taitneamhachtaí timpeallachta agus taitneamhachtaí súl an bhaile a chosaint.

Cad é mar a thig leatsa bheith páirteach sa comhairliúchán?

Ní liosta ionlán é na ceisteanna atá aitheanta agus is dócha ná a mhalaírt go mbeidh neart ceisteanna eile ann, mar sin de tá sé tábhachtach go mbeidh guth agat i dtaca leis na

ceisteanna mar a tchítear duit féin iad, agus na roghanna atá ann chun dul i ngleic leo. Leis seo a dhéanamh, is féidir leat do thuairimí agus moltaí a chur isteach, le go bhfaighfidh muid iad roimh 5pm ar an 29 Feabhar 2016, ar a mhoille, bíodh sin:

- Trí ríomhphost chuig localareaplan@donegalcoco.ie nó,
- Trí phost chuig: An Lár-Aonad Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.